Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10507 – Hitachi Rail / Thales GTS)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 334/07)

1. An 14 Meán Fómhair 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Hitachi Rail, Ltd. ('Hitachi Rail', an Ríocht Aontaithe), atá faoi rialú Hitachi, Ltd. (an tSeapáin),

— The Ground Transportation Systems business of Thales S.A. ('Thales GTS', an Fhrainc).

Gheobhaidh Hitachi Rail rialú ar Thales GTS ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

Cuireadh an comhchruinniú céanna in iúl don Choimisiún cheana an 4 Deireadh Fómhair 2022, ach tarraingíodh an fógra siar ina dhiaidh sin an 3 Samhain 2022.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí gníomhach domhanda é Hitachi Rail de réitigh iompair lena n-áirítear rothstoc, córais chomharthaíochta, réitigh lándéanta, seirbhísí cothabhála agus comhpháirteanna,

— Is soláthraí gníomhach domhanda é Thales GTS de chórais comharthaíochta iarnróid agus rialaithe traenach, córais teileachumarsáide agus maoirseachta agus réitigh bailithe táillí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10507 – Hitachi Rail / Thales GTS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: mailto:COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').